

Ná scríobh ar an leathanach seo.

(don scrúdaitheoir amháin)

Marcanna in aghaidh na Roinne					Iomlán Reatha	Iomlán Dícheadaithe
Roinn A	Roinn B	Roinn C	Roinn D	Leathanaigh Bhreise		

Na hIomláin
Iomlán Reatha: (Roinn A – Leathanaigh Bhreise)
- Iomlán na Marcanna Dícheadaithe (B-D):
= Iomlán na Marcanna a Bronnadh:

Treoracha

Scríobh d'uímhí iarrthóra agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna atá ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás ar fáil le haghaidh obair bhreise ag deireadh an leabhráin. Déan aon obair bhreise dá leithéid a lipéadú go soiléir le huimhir agus le páirt na ceiste.

Tá ceithre roinn sa pháipéar seo.

Roinn A	Miotas agus Saol Laethúil	180 marc
Roinn B	Domhan Aichill, An Róimh – Léann Clasaiceach	180 marc
Roinn C	An Laidin – Teanga Chlasaiceach	180 marc
Roinn D	An tSean-Ghréigis – Teanga Chlasaiceach	180 marc

Déanfar an scrúdpháipéar seo a ghrádú bunaithe ar 360 marc ina iomlán bronnta as **dhá** roinn:

- 180 marc as Roinn A
agus
- 180 marc as roinn **amháin** eile (B, C, nó D).

Ní mór do **gach** iarrthóir Roinn A a fhreagairt (Miotas agus Saol Laethúil). Lch. 4

- o Tabhair faoi gach ceist

Caithfidh iarrthóirí **ceann amháin** a fhreagairt as na trí roinn seo:

- Roinn B: Domhan Aichill, An Róimh – Léann Clasaiceach Lch. 16

- o Tabhair faoi gach ceist

NÓ

- Roinn C*: Laidin – Teanga Chlasaiceach Lch. 28

- o Tabhair faoi gach ceist

NÓ

- Roinn D: An tSean-Ghréigis – Teanga Chlasaiceach Lch. 37

- o Tabhair faoi gach ceist

* I Roinn C úsáideann na gluaiseanna foclóra na giorrúcháin a leanas:

f. = firinscneach

b. = baininscneach

n. = neodrach

iol. = iolra

Ceist 1

Freagair na ceistanna a leanas faoi laochra na Sean-Ghréige / na Sean-Róimhe.



(a) Críochnaigh an tábla a leanas le hainm gach laoiach sna híomhánna thuas a scríobh isteach.

Íomhá Uimhir	Ainm laoiach
1.	
2.	
3.	
4.	

Ceist 2

Léigh an sliocht seo faoi mhiotas Romalais agus Réamais, agus freagair na ceistanna a leanas.

Theastaigh ón gcúpla, Romalas agus Réamas, cathair a rialú gar d'abhainn na Tibire, áit ar oil mac tíre iad. D'aontaigh siad iarraidh ar na déithe comhartha a chur chucu ina léireofaí cé acu deartháir a rialódh an chathair nua. Chuaigh Romalas go dtí an Cnoc Palaitíneach, agus chuaigh Réamas go dtí an Cnoc Aibhintíneach. Ar dtús, chonaic Réamas sé bhultúr ag eitilt; ansin chonaic Romalas dhá bhultúr déag. D'fhógair a lucht leanúna féin gach deartháir mar rí, fógraíodh Réamas mar ba é a chonaic na bultúir ar dtús, fógraíodh Romalas mar chonaic sé líon níos airde éan. Thosaigh gach deartháir ar bhallaí a thógáil mórthimpeall a chnoic mar ní raibh sé toilteanach an deartháir eile a fhógairt ina rí. Lá amháin léim Réamas thar bhallaí nua a dhearthár le teann magaidh faoi, ag an bpointe sin, agus cuthach air, mharaigh Romalas Réamas le sleá agus é ag rá "Éag amhlaidh d'aon duine eile a léimfidh thar mo bhallaí!" Rinneadh rí de Romalas ar an gcaoi sin, agus bhaist sé an Róimh ar an gcathair nua.



(a) Léigh na ráitis a leanas faoin sliocht. Cuir tic (✓) sa bhosca le chur in iúl cé acu an bhfuil gach ráiteas fíor **nó** bréagach.

	Fíor	Bréagach
(i) Ba é Romalas athair Réamais.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(ii) Chonaic Réamas dhá bhultúr déag.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(iii) Thóg Romalas ballaí ar an gCnoc Palaitíneach.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(iv) Rinne Réamas iarracht Romalas a mharú.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
(v) Ba é Romalas an chéad rí ar an Róimh.	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

- (b) Ainmnigh **dhá** ghníomh a rinne Romalais **nó** Réamais sa sliocht thuas agus mínigh an chúis a ndearnadh gach gníomh acu.

Gníomh 1:
Míniú:

Gníomh 2:
Míniú:

- (c) Bunaithe ar an leagan seo de mhíotas Romalais agus Réamais, cad iad **dhá** luach a bhí tábhachtach do na Rómhánaigh, dar leat? Mínigh do fhreagra.

Luach 1:

Luach 2:

Ceist 3

Is leaganacha difriúla de mhíotas Oirféis agus Eoraidíce iad Téacs A agus Téacs B. Léigh an **dá** théacs, agus freagair na ceisteanna thíos.

Téacs A:


Nuair a bhí an bhrídeog Eoraidíce ag teacht i dtreo a grúim Oirféas, bhain nathair nimhe greim aisti, agus fuair sí bás. Chuaigh Oirféas go dtí an domhan thíos chun féachaint le hEoraidíce a fháil ar ais. Bhí Háidéas faoi dhraíocht agus faoi shuaimhneas ag ceol álainn Oirféis. D'aontaigh sé go bhféadfadh Oirféas Eoraidíce a thabhairt ar ais ar Domhan ar choinníoll amháin: go rachadh seisean chun tosaigh agus nach bhféachfadh sé ar ais uirthi nó go raibh siad fillte.

Dhreap Oirféas an cosán amach ón domhan thíos chun tosaigh ar Eoraidíce. Sheas sé amach go háthasach isteach sa domhan uachtarach agus d'fhéach sé ar ais go tapa ar lorg Eoraidíce, ach de bhrí nach raibh tír na mbeo bainte amach aici fós, díreach ag an nóiméad sin d'imigh sí as radharc isteach sa domhan thíos.

Téacs B:

An lá a raibh Oirféas ceaptha Eoraidíce a phósadh, chonaic satair Eoraidíce ag siúl trí na móinéir agus theastaigh uaidh go mbeadh sí ina brídeog aige féin ina áit. Rith an satair ina diaidh, ach thit Eoraidíce go tobann isteach i nead nathracha agus fuair sí bás.

Bhí Oirféas trína chéile agus thaistil sé go dtí an Domhan Thíos, agus amhrán dobróin á chanadh aige. Chan sé amhrán don bhfarantóir, Carón, a lig dó dul trasna Abhainn an Stiocs. Chan sé do Háidéas agus Peirséifiné. Thaitin a chuid ceoil chomh mór sin leis an mbanríon gur lig sí dó a bhean chéile a thógáil ar ais ar choinníoll amháin: go gcuirfeadh sé a mhuinín sna déithe agus nach bhféachfadh sé siar le fáil amach an raibh taibhse Eoraidíce á leanúint. Díreach sular shroich sé tairseach na ngeataí don domhan thíos, áfach, d'éirigh Oirféas amhrasach, agus thug sé sracfhéachaint siar agus chonaic sé taibhse a mhuinín á tarraingt ar ais i bhfearann Háidéas.



(a) Tabhair **dhá** dhifríocht idir na leaganacha den mhíotas in Téacs A agus Téacs B.

Difríocht 1:
Difríocht 2:

Ceist 4

Déan staidéar ar an **trí** íomhá seo de dhéantúsáin seandálaíochta ón domhan ársa. Freagair na ceisteanna ina ndiaidh.



Mósáic Rómhánach



Múrealáin Rómhánach



Múrealáin Ghréagach

(a) Cad is féidir linn a fhoghlaim ó na híomhánna seo faoi chothú agus itheachán sa tSean-Ghréig agus sa tSean-Róimh? Tagair do mhionsonra **amháin ar a laghad** as gach íomhá i do fhreagra.

Íomhá A:

Ceist 5

Roghnaigh duine **amháin** as Liosta A agus duine **amháin** as Liosta B.

Tabhair **ceithre** ghiota eolais faoi eispéiris gach duine acu sa tsochaí. Is cóir duit sain-mhionsonraí a thabhairt, amhail faoina: ngnáthaimh laethúla, saol baile, stádas sóisialta agus gairm bheatha.

Liosta A	Liosta B
sclábhaí sa tSean-Róimh	sclábhaí sa tSean-Ghréig
bean shaibhir sa tSean-Róimh	bean shaibhir sa tSean-Ghréig
saoránach fireann sa tSean-Róimh	saoránach fireann sa tSean-Ghréig

Duine as Liosta A:
1.
2.
3.
4.

Duine as Liosta B:
1.
2.
3.
4.

Ná scríobh ar an leathanach seo.

Caithfidh iarrthóirí ceann **amháin** de na ranna a leanas a fhreagairt:

Roinn B: Domhan Aichill, An Róimh – Léann Clasaiceach (lch.16)

NÓ


Roinn C: Laidin – Teanga Chlasaiceach (lch. 28)

NÓ

Roinn D: Sean-Ghréigis – Teanga Chlasaiceach (lch. 37)

Ceist 7

Sna trí íomhá thíos léirítear cineálacha éagsúla foirgneamh sa tSean-Róimh.



(a) Sainaitin na cineálacha foirgneamh in íomhánna 1-3 trí uimhir gach íomhá a scríobh sa tábla thíos.

Foirgneamh:	Amfaitéatar	Teampall	Thermae
Uimhir na híomhá:			

(b) Roghnaigh íomhá **amháin** as páirt **(a)** agus déan cur síos ar **thrí** ghné ailtireachta san íomhá.

Uimhir na híomhá:

Ainm gné ailtireachta 1:

Cur síos:

Ainm gné ailtireachta 2:

Cur síos:

Ainm gné ailtireachta 3:

Cur síos:

(c) Mínigh an fheidhm a bhaintí as **dhá cheann ar bith** d'fhoirgnimh, struchtúir nó spásanna poiblí sa tSean-Róimh a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

Ainm foirgnimh, struchtúir nó spáis poiblí 1:

Feidhm:

Ainm foirgnimh, struchtúir nó spáis poiblí 2:

Feidhm:

Ceist 9

In Íomhá A léirítear dealbhóireacht a mhaisigh séadchomhartha a choimisiúnaigh an tImpire Rómhánach, Marcus Aurelius. Freagair na ceisteanna thíos.



Íomhá A: Marcus Aurelius ar mhuin capaill

- (a) Cén fáth ar áirigh na Rómhánaigh saothair ealaíne, ar nós na dealbhóireachta a léirítear in Íomhá A, nuair a choimisiúnaigh siad foirgnimh, struchtúir nó spásanna poiblí? Mínigh do fhreagra, agus tagair do shampla **amháin ar a laghad** a bhfuil staidéar déanta agat air.

Leanann an freagairbhosca seo go dtí an chéad leathanach eile

Ceist 10

Léigh Téacs A agus freagair na ceisteanna thíos.

Téacs A: *Íliad* Leabhar 16

Bhí sé ar intinn ag Patraclas na Traígh a scriosadh. D'ionsaigh an piara sin d'Airéas gasta iad faoi thrí, ag scairteadh a rosc catha imeaglach, agus mharaigh sé naonúr fear gach uair. Ach, a Phatraclas, nuair a thug tú fogha fúthu arís, ar nós dé, ansin a nochtadh do chinniúint. Mar bhuail Apalló leat, é uafásach sa chomhrac. Tháinig Apalló chun cinn, folaithe faoi bhrat ceo, dofheicthe ag Patraclas sa chlampar, sheas sé taobh thiar de agus bhuail sé é ar a dhroim le bos a láimhe. Rothlaigh amharc an laoi nuair a leag Apalló an clogad óna cheann. Rinneadh smidiríní ar fad den sleá fhadscáthach thiubh throm láidir rinn-chré-umhaí. Thit an sciath bhobailíneach ar a strapa síos ar an talamh agus rinne an buille sin ón Tiarna Apalló, mac le Séas, a lúireach a scaoileadh chomh maith. Ansin lagaigh intinn Phatraclas; bhí a ghéaga uaisle marbhánta faoi, agus sheas sé ansin agus é dallta.

Anois theilg Euphorbus as Dardania, an sleádóir, marcach agus reathaí ab fhearr dá ghlúin, a shleá ghéar agus bhuail sé Patraclas sa droim idir na guaillí. Ba é ba thúisce a chaith a shleá, ach níor mharaigh sé tú, a Phatraclas, a cheansaitheoir capall, ach tharraing sé an tsleá as do cholainn agus rith sé ar ais sa slua, agus eagla air seasamh agus tú a throid, cé go raibh tú gan arm faoi sin. Agus bhí Patraclas stiúdta le buille an dé agus le sleá Euphorbus, chúlaigh sé isteach sna ranganna Mirmideonacha, ag éalú óna chinniúint. Ach nuair a chonaic Eachtar Patraclas ag cúlú, chuaigh sé ina threo i measc na ranganna, agus thug sé fogha faoi lena shleá, chuir sé poll sa bholg íochtarach agus sháigh sé an pointe abhaile.

(a) Déan cur síos go mion ar na torthaí idirghabhála Apalló i dTéacs A.

Ceist 11

Freagair na ceisteanna a leanas faoi dhomhan Aichill.



(a) Tabhair sainmhíniú ar **cheithre cinn** de na coincheapa Sean-Ghréagacha seo.

- kleos; timé; aidós; hubris; areté; heros.

Coincheap 1:

Sainmhíniú:

Coincheap 2:

Sainmhíniú:

Coincheap 3:

Sainmhíniú:

Coincheap 4:

Sainmhíniú:

Ceist 12

Freagair na ceisteanna a leanas faoi charachtair neamhchomhraiceacha san *Íliad*.



(a) Meaitseáil ainm gach carachtair thíos lena gcur síos agus comhlánaigh an tábla. Tá an chéad cheann déanta duit.

1. Briseis; 2. Priam; 3. Hecuba; 4. Héilin; 5. Astyanax; 6. Chryseis.

Cur síos	Uimhir
an aghaidh a lainseáil míle long	4.
athair Eachtair	
duais chogaidh Aichill	
máthair Eachtair	
duais chogaidh Agaiméamnóin	
mac le hEachtar.	

Ceist 13

(a) Scríobh uimhir gach frása nó giorrúcháin Laidine thíos isteach sa bhosca in aice lena bhrí.

1. in locō parentis
2. verbatim
3. p.m.
4. carpe diem
5. p.s.
6. compos mentis

Míniú	Uimhir
intinn faoi smacht	
scríofa ina dhiaidh	
in ionad tuismitheora	
tar éis meán lae	
beir ar an lá	
sna focail chéanna go díreach	

(b) Cén fáth a n-úsáidtear frásaí agus giorrúcháin Laidine fós inniu, dar leat? Mínigh do fhreagra.

Ceist 14

- (a) Comhlánaigh an tábla thíos faoi na haidiachtaí Béarla i mbosca A a díorthaíodh ó ainmfhocail Laidine. Tá an chéad cheann déanta duit.

Box A

puerile	amicable	equine	filial	leonine
---------	----------	--------	--------	---------

Míniú ar aidiacht Bhéarla i mBosca A	Aidiacht Bhéarla i mBosca A	Ainmfhocal Laidine (ainmneach uatha, ginideach uatha)
ar nós capaill	equine	equus, equi
cairdiúil		
bainteach le mac nó iníon		
páistiúil		
ar nós leoin		

- (b) Comhlánaigh an tábla thíos agus scríobh isteach an chéad trí phríomhpháirt de gach briathar Laidine óna dtagann na haidiachtaí Béarla seo. Tá an chéad cheann déanta duit.

Aidiacht Bhéarla	Briathar Laidine (an chéad trí phríomhpháirt)
visible	video, videre, vidi
portable	
audible	

Ceist 15

Meaitseáil na híomhánna seo lena gcur síos thíos.
Scríobh uimhir gach íomhá sa tábla taobh lena chur síos.



	duo hominēs in genua prōcumbunt. alius, quī stat, deōs prope larārium ōrat.
	homō taurōs per agrum dūcit. agricolae labōrant et animālia prope aedificium stant.
	homō taurum tenet. alius stat et secūrem suprā animal tollit. sacrificium deīs facient.
	hominēs pōcula tenent. servus stat et vīnum ex amphorā fundit. aliī cēnant et aliī serviunt.

Ceist 16

Críochnaigh an sliocht a leanas faoin bhfáilteachas Rómhánach agus scríobh uimhir an fhocail chirt atá ar iarraidh ón liosta thíos i ngach spás bán. Tá an chéad cheann déanta duit. Tá na focail ar fad a bhfuil líne fúthu tugtha in ord aibíte sa ghluais foclóra thíos.



Dhá chuid de *tessera hospitālis* a roinntí idir óstach agus a aoí.

deus Iuppiter peregrīnōs ____ **5** ____ . Rōmānī igitur peregrīnōs in domōs suās ____ dēbēbant.

ubi cīvis Rōmānus peregrīnum accēpit, ūnam partem tesserae hospitālis ____ dedit. cīvis

Rōmānus alteram ____ tesserae hospitālis sibi retinuit. duae partēs tesserae hospitālis ____

signa amīcitiāe novae.

amīcitiā, amīcitiāe (b.) = cairdeas

igitur = mar sin

peregrīnus, peregrīnī (f.) = eachtrannach / taistealaí

retineō, retinēre, retinuī, retentum (2) = coimeád / coinnigh siar

signum, signī (n.) = comhartha / comharthach

tessera hospitālis, tesserae hospitālis (b.) = comhartha fáilteachais

Liosta Focal

1. partem
2. invitāre
3. erant
4. eī
5. **servābat**

Ceist 17

Insíonn na habairtí a leanas miotas na banríona Díodó nuair a chuir sí fáilte roimh Aeinéas agus na Traígh go dtí an Chartaig. Luaigh an rogha cheart chun an spás bán a líonadh le tic (✓) a chur sa bhosca ceart. Ná cuir tic ach in aon bhosca amháin i ngach cás. Ná scríobh sa spás bán.

(a) rēgīna, nōmine Dīdō, _____ accipit.

Trōiānī

Trōiānīs

Trōiānōs



(b) Dīdō servōs cēnam magnam _____ iubet.

parat

parāre

parāvit

(c) Dīdō Aenēān _____ dē itinere eius rogat.

multa

multīs

multō



(d) tum dux Trōiānus omnia dē bellō _____.

nārrant

nārrat

nārrāmus

(e) omnēs, _____ eum audiunt, lacrimant.

quem

quōs

quī



Ceist 18

Baineann na habairtí thíos le miotas Dhíodó agus Aeinéas. Roghnaigh an t-aistriúchán ceart de na focail sa **chló trom** agus cuir tic (✓) sa bhosca ceart. Ná cuir tic ach in aon bhosca amháin i ngach cás.

(a) “**deī tē** ad rēgnum meum **dūxērunt**,” inquit Dīdō.

threoraigh na déithe thú

threoraigh tú na déithe

bhí na déithe do do threorú

(b) rēgīna inquit, “**sī in nostrā urbe manēbitis**, laetī eritis.”

má thugann tú rabhadh dúinn sa chathair

má fhanann tú inár gcathair

má fhanann muid in bhur gcathair



(c) **Aenēās ex urbe** Dīdōnis **discēdere nōn vult**.

Ní theastaíonn uathu go bhfágfadh Aeinéas an chathair

Ní theastaíonn ó Aeinéas an chathair a fhágáil

Ní theastaíonn ón gcathair go bhfágfadh Aeinéas

(d) rēx deōrum, **Iuppiter**, **īrātē Mercurium** ad Aenēān **mittit**.

cuireann Iúpatar feargach Mearcair amach

cuirfidh Iúpatar amach Mearcair feargach

agus fearg air cuireann Iúpatar Mearcair amach



(e) ubi Trōiānī tandem discēdunt, Dīdō **est trīstior quam Aenēās**.

níos brónaí ná Aeinéas

chomh brónach le hAeinéas

an té lena raibh Aeinéas brónach

Ceist 19

Léigh an sliocht a leanas, agus freagair na ceisteanna thíos i nGaeilge. Cuirtear síos sa sliocht ar an gcaoi ar thaispeáin Filéamón agus Baucis fáilteachas do na déithe. Tá na focail ar fad a bhfuil líne fúthu tugtha in ord aibítire sa ghluais foclóra thíos.

ōlim Iuppiter et Mercurius ad palūdem advēnērunt. p̄rimum deī virōs simulāvērunt. deī, quod erant fessī, in vīllā dormīre cupiēbant. multī virī et multae fēminae in palūde habitābant, sed iānuās nōn aperuērunt et deōs nōn salūtāvērunt. tandem deī invēnērunt ūnam parvam vīllam quae erat aperta. marītus et uxor, Philēmōn et Baucis, in parvā vīllā habitābant. ubi Baucis lovem et Mercurium vīdit, fēmina "amīcī, intrāte!" clāmāvit.

verba fēminae lovem dēlectāvērunt quod, quamquam Philēmōn et Baucis multam pecūniam nōn habēbant, hospitēs suōs magnā cum cūrā accēpērunt. uxor cēnam bonam parāvit, et tōtum vīnum, quod in vīllā habēbant, hospitibus dedit. ubi deī omnem vīnum bibērunt, vīnum mīrābiliter iterum appāruit. Philēmōn uxōrī dīxit, "hospitēs nostrī sunt deī quod vīnum ex nihilō faciunt."

aperiō, aperīre, aperuī, apertum (4) = oscail
apertus, aperta, apertum = ar oscailt, oscailte
appāreō, appārēre, appāruī, appāritum (2) = tar i láthair
Baucis, Baucidis (b.) = Baucis
cūra, cūrae (b.) = aire
dēlectō, dēlectāre, dēlectāvī, dēlectātum (1) = sásaigh
fessus, fessa, fessum = tuirseach
hospes, hospitis (f.) = aoí
iānuā, iānuae (b.) = doras
iterum = arís
nihilum, nihilī (n.) = dada, tada, faic
palūs, palūdis (b.) = riasc
Philēmōn, Philēmōnis (f.) = Filéamón
quamquam = cé go, bíodh go
simulō, simulāre, simulāvī, simulātum (1) = lig ar go bhfuil
tōtus, tōta, tōtum = gach ceann de



(a) Cad é an chéad rud a rinne Lúpatar agus Mearcair nuair a bhain siad amach an riasc?

(b) Cad a theastaigh ón dá dhia araon a dhéanamh?

--

(c) Conas a chaith na fir agus na mná sa riasc le Lúpatar agus Mearcair?

(d) Cad a d'aimsigh na déithe faoi dheireadh?

(e) Cad a rinne Baucis nuair a chonaic sí Lúpatar agus Mearcair?

(f) Cén fáth ar thaitin focail Baucis le Lúpatar?

(g) Cén rud míorúilteach a tharla nuair a d'ól na déithe an fíon ar fad?

(h) Cén fáth ar cheap Filéamón gur dhéithe iad a chuid aíonna?

Ceist 21

Is leaganacha traslitríthe d'fhocail Sean-Ghréigise iad na sé riocht sláinte thíos. Meaitseáil gach focal Béarla lena bhunlitriú Sean-Ghréigise trína litir a scríobh sa bhosca don fhocal coibhéiseach Sean-Ghréigise.

- | | | | |
|-----|-----------|--------------------------|----------|
| (a) | glaucoma | <input type="checkbox"/> | άσθμα |
| (b) | eczema | <input type="checkbox"/> | χολερα |
| (c) | asthma | <input type="checkbox"/> | άναιμια |
| (d) | arthritis | <input type="checkbox"/> | γλαυκωμα |
| (e) | cholera | <input type="checkbox"/> | έκζεμα |
| (f) | anaemia | <input type="checkbox"/> | άρθριτις |



Galen, dochtúir sa tSean-Ghréig

(g) Tagann na fóibí (uamhna) a leanas ó fhocail Sean-Ghréigise. Mínigh cad is brí le gach fóibe sa Ghaeilge. Tá an chéad cheann déanta duit.

(i) arachnophobia

uamhan roimh dhamháin alla

(ii) hydrophobia

(iii) anthropophobia

(iv) dendrophobia

Ceist 22

Tá focail Bhéarla a thagann ó fhocail Sean-Ghréigise in Abairt A.
Léigh Abairt A agus úsáid na focail i mBosca A chun na ceisteanna a leanas a fhreagairt.

Abairt A:

At the hospital, the paediatrician gave the baby an antibiotic from the pharmacy, while the gerontologist diagnosed the elderly patient using an endoscopy.

Bosca A:

άντι = in aghaidh	ιατρευω = leighisím, cuirim cóireáil leighis ar
βιος, βιου, ό = beatha	λογος, λογου, ό = focal
γερων, γεροντος, ό = seanfhear	παις, παιδος, ό / ή = leanbh
διαγνωσις, διαγνωσεως, ή = breithiúnas	σκοπεω = féachaim ar, scrúdaím
ένδον = laistigh	φαρμακον, φαρμακου, το = druga, cógas

- (a) Roghnaigh focal **amháin** Béarla as Abairt A agus scríobh síos focal **amháin** Sean-Ghréigise i mBosca A a dtagann sé uaidh.

Focal Béarla:
Focal Sean-Ghréigise:




- (b) Roghnaigh focal eile Béarla as Abairt A, agus scríobh síos **dhá** fhocal Sean-Ghréigise i mBosca A óna dtagann sé.

Focal Béarla:
Focal Sean-Ghréigise 1:
Focal Sean- Ghréigise 2:

- (c) Cumascann **dhá** fhocal Sean-Ghréigise i mBosca A, γερων agus ιατρευω, chun an focal Béarla 'geriatrics' a dhéanamh. Céard is brí leis an bhfocal Béarla, 'geriatrics' dar leat? Míning do fhreagra agus tagair do bhríonna an **dá** fhocal Sean-Ghréigise **araon**.

Ceist 23

Meaitseáil na híomhána seo de bhreiteacht agus leigheas lena dtuairiscí thíos.
Scríobh uimhir gach íomhá sa bhosca thíos taobh lena chur síos.



	ή Σφιγξ λεγει, “την νοσον παυσεις.” ό άνηρ, όνοματι Οιδιπους, άκουει το της Σφιγγος άινιγμα.
	Άσκληπιος θεραπευει το σωμα της γυναικος, ή έπι κληνης έστιν. ή άλλη γυνη προς αύτους βλεπει.
	ό νεανιας τον του άνδρος βραχιονα ιατρευει. ό μεν νεανιας μενει, ό δε άνηρ φευγειν έθελει.
	είσι τρεις φιλοι μετα του άνδρος, ό έπι κληνης έστιν. ό γερων αύτον ιατρευει.
	οί πολλοι άνδρες έν τω ιερω καθευδουσιν. ό γερων προς την σεληνην βλεπει και λεγει, “ώ θεοι, παυετε την των τουτων άνδρων νοσον.”

Ceist 24

Insíonn na habairtí a leanas scéal rí Pheirsigh agus dochtúra Ghréagaigh.

Sainaithin an t-aistriúchán ceart den fhocal nó den fhrása sa **chló trom** sna habairtí a leanas le tic (✓) a chur sa bhosca cuí. Ná cuir tic ach i mbosca amháin i ngach cás.

(a) ὁ των Περσων βασιλευς ἐπεσεν ἀπο του ἵππου.

titeann an rí

titfidh an rí

thit an rí

(b) “τον ποδα ἔμον ἐβλαψα,” ὁ βασιλευς εἶπεν.

rinne mé dochar do

rinne muid dochar do

rinne tú dochar do



(c) “οὐχ οἰος τ’ εἶμι αὐτον κομιζειν,” ὁ των Περσων ἰατρος εἶπεν.

sé

é

iad

(d) ὁ ἕτερος ἰατρος, ὃς Ἑλληνικος δουλος ἦν, τον βασιλεα ἔκομισεν.

a

an rud

dar

(e) ἐπειτα ὁ δουλος ἐκ της Ἑλλαδος και ὁ των Περσων βασιλευς φιλοι ἦσαν.

i

go

ó

Ceist 25

Baineann na habairtí a leanas le hAichill agus Patraclas. Cuir tic (✓) sa bhosca den fhoirm cheart a theastaíonn chun an abairt a chríochnú. Ná cuir tic ach i mbosca amháin i ngach cás. Ná scríobh na freagraí sa spás bán.

(a) Πατροκλος, ός στρατιωτης ήν, τον _____ έν τη μαχη έβλαψεν.

βραχιονα

βραχιονος

βραχιονι

(b) “ούκ έθελω _____,” Πατροκλος είπεν.

άποθνησκειν

άποθνησκουσιν

άποθανειν



(c) “μη φροντιζε. έξεστι _____ σε ιατρευειν,” Άχιλλευς είπεν.

μου

με

μοι

(d) “ _____, δυο, τρεις,” Άχιλλευς είπε και έκ του βραχιονος το τοξευμα έλαβεν.

έκ

εις

εις

(e) “ώ φιλε, _____ μεν στρατιωτης εί, καλος δε ιατρος,” Πατροκλος είπεν.

άνδρειος

άνδρεια

άνδρειας

Ceist 26

Léigh an sliocht a leanas agus freagair na ceisteanna thíos i nGaeilge. Déantar cur síos sa sliocht ar bhreith agus ar thógáil Aescaláipias, dia Gréagach an leighis. Tá na focail ar fad a bhfuil línte fúthu tugtha in ord aibíte sa ghluais foclóra thíos.

Ἀπολλων φιλεῖ τὴν κορῆν, ὀνοματι Κορωνίδα, τὴν θυγατέρα τοῦ Φλεγυαντος. ὁ μὲν Ἀπολλων ἐστὶν εὐδαιμων διότι Κορωνίς ἐστὶν ἐγκυμων μετὰ υἱοῦ ἑαυτοῦ, ἡ δὲ Κορωνίς οὐκ ἐστὶν εὐδαιμων διότι ἄλλον ἄνδρα φιλεῖ. ὁ κοραξ πρὸς τὸν Ἀπολλωνα βαίνει καὶ ἀγγελεῖ: “ἡ Κορωνίς ἄλλον ἄνδρα φιλεῖ καὶ μετὰ αὐτοῦ οἶκει.”

ὁ Ἀπολλων δι’ ὀργῆς ἔχει. τὸν μὲν κορακὰ ἀπὸ μελανος εἰς λευκὸν στρεφεῖ, Κορωνίδα δὲ ἀποκτείνει, ἀλλὰ ὁ θεὸς λαμβάνει τὸν υἱὸν ἐκ τῆς γαστρος τῆς Κορωνίδος. Ἀπολλων φερεῖ τὸν υἱὸν, ὀνοματι Ἀσκληπιον, πρὸς τὸν κενταυρον τὸν Χειρωνα. ὁ παῖς σοφίαν τῶν φαρμακῶν καὶ τῶν ζῶων ἀπὸ τοῦ κενταυροῦ μανθάνει. νῦν ὁ Ἀσκληπιος ἐστὶν θεὸς φαρμακοῦ καὶ τοὺς τῶν ἀνθρώπων θανάτους κωλύει, καὶ τοὺς ἀνθρώπους ἐξ Αἰδοῦ ἀγει.

Αἶδης, Αἰδοῦ, ὁ = Háidéas, an Domhan Thíos	Κορωνίς, Κορωνίδος, ἡ = Koronis
Ἀσκληπιος, Ἀσκληπιου, ὁ = Aescaláipias	λευκός, λευκή, λευκόν = bán
γαστήρ, γαστρος, ἡ = bolg	μελανός = ‘dubh’ (tuiseal ginideach)
δι’ ὀργῆς ἔχω = éirím feargach	στρεφω = casaim
ἐγκυμων, ἐγκυμον = torrach	φαρμακόν, φαρμακοῦ, τὸ = leigheas
εὐδαιμων, εὐδαιμον = sona	φιλεω = táim i ngrá le
ζῶον, ζῶου, τὸ = ainmhí	Φλεγυας, Φλεγυαντος, ὁ = Phlegyas
κενταυρος, κενταυροῦ, ὁ = ceinteár	Χειρων, Χειρωνος, ὁ = Céarón
κοραξ, κορακος, ὁ = gréachán	

(a) Cad a fhoghlaimimid faoi Koronis sa chéad abairt? Tabhair **dhá** bhlúire eolais.

1.

2.

(b) Ag tús an scéil seo, cén fáth a raibh Apalló sona?

(c) An dóigh leat go bhfuil Koronis i ngrá le hApalló? Tabhair cúis le do fhreagra.

(d) Cad a dhéanann Apalló leis an bpréachán nuair a chloiseann sé a fhógairt?

(e) Conas a shábháiltear Aescaláipias nuair a maraítear a mháthair?

(f) Cá háit a dtugann Apalló Aescaláipias?

(g) Cén **dá** rud a fhoghlaimíonn Aescaláipias?

(h) Cén **dá** rud atá Aescaláipias in ann a dhéanamh do dhaonnaithe?


(i) Tógadh an abairt seo thíos ón gcéad pharagraf den sliocht seo.
Scríobh cás, inscne agus uimhir de cheann **amháin** de na focail sa chló trom.

ή Κορωνις άλλον **άνδρα** φιλει και μετα **αύτου** οίκει.

άνδρα:
νό
αύτου:

Ceist 28

Tagann Téacs A as mionn leis an dochtúir Sean-Ghréagaigh Hipeacraitéas. Tá na focail ar fad a bhfuil línte fúthu tugtha in ord aibítire sa ghluais foclóra thíos.



Téacs A: An Mionn Hipeacraitéach

ὄμνυμι, Ἀπολλωνα και Ἀσκληπιον και Ἰγυειαν και θεους, κατα δυναμιν την ἔμην ὄρχον ποιειν.

ἀγνως δε και ὄσιως διατηρησω βιον τον ἔμον και τεχνην την ἔμην.

ἀγνος, ἀγνη, ἀγνον = naofa

Ἀσκληπιος, Ἀσκληπιου, ὄ = Aescaláipias

διατηρεω = féachaim go géar ar, breathnaím

κατα δυναμιν = ‘de réir cumais’

ὄμνυμι = mionnaím

ὄρχος, ὄρχου, ὄ = mionn

ὄσιος, ὄσια, ὄσιον = naofa, cráifeach

ποιεω = déanaim

τεχνη, τεχνης, ἦ = ealaín, scil, ceird

Ἰγυεια, Ἰγυειας, ἦ = (an bandia) Hygeia

(a) Léigh na ráitis a leanas faoin Téacs A. Cuir tic (✓) sa bhosca le cur in iúl cé acu an bhfuil gach ráiteas fíor **nó** bréagach.

(i) Tá ainmneacha Apalló, Aescaláipias agus Hygeia ar fad sa tuiséal cuspóireach.

Fíor Bréagach

(ii) Is aidiachtaí iad ἀγνως agus ὄσιως.

(iii) Tá διατηρησω san aimsir fháistineach.

(iv) Aistrítear βιον τον ἔμον mar ‘mo bheatha’.

(b) Cén fáth, dar leat, go mionnaíonn dochtúirí an lae inniu fós ar leagan nua-aimseartha de mhionn seo na Sean-Ghréige? Mínigh do fhreagra.

Adhmálacha

Íomhánna:

- Lch 4: <https://dzen.ru/a/XTondqmKKgCtpZsF>. Oscailte ag 26.2.24
- Lch 4: <https://www.tate.org.uk/art/artists/henry-gibbs-2329> Oscailte ag 9.3.2024
- Lch 4: <https://www.flickr.com/photos/45595786@N07/4188083603> Oscailte ag 1.3.2024
- Lch 4: <https://classicalwisdomkids.substack.com/p/postcard-from-tbilisi> Oscailte ag 26.2.24
- Lch 6: https://bookpalace.com/acatalog/info_BaraldiRome1LL.html Oscailte ag 9/3/2024
- Lch 8: <https://www.pinterest.ie/pin/93168286021668080/> Oscailte ag 9/3/2024
- Lch 10: <https://www.artyfactory.com/still-life/still-life-lessons.html> Oscailte ag 4/3/2024
- Lch 10: <https://www.theguardian.com/science/2020/apr/26/pompeii-ruins-show-that-the-romans-invented-recycling?page=with%3Aimg-3#img-3> Oscailte ag 4/3/2024
- Lch 10: <https://www.worldhistory.org/image/2749/paestum-painting-scene-from-a-symposium/> Oscailte ag 4/3/2024
- Lch 16: <https://ie.pinterest.com/pin/9922061672529899/> Oscailte ag, 27.4.24
- Lch 16: [https://en.m.wikipedia.org/wiki/Maison_carr%C3%A9#/media/File:3AMaison_carr%C3%A9_\(3\).jpg](https://en.m.wikipedia.org/wiki/Maison_carr%C3%A9#/media/File:3AMaison_carr%C3%A9_(3).jpg) Oscailte ag, 27.4.24
- Lch 16: <https://www.purefrance.com/en/blog/arles-amphitheatre> Oscailte ag 27/4/2024
- Lch 20: Equestrian Sculpture of Marcus Aurelius (article) | Khan Academy Oscailte ag 27/4/2024
- Lch 24: <https://sandhyaprabhat.com/homers-iliad> Oscailte ag 27/4/2024
- Lch 26: https://i.guim.co.uk/img/media/223fe4851f4273bf7ceff1032f56c52291661ac0/221_0_5695_3417/master/5695.jpg?width=1200&height=1200&quality=85&auto=format&fit=crop&s=d7f75ea236f50e5ae5c414909aa11dbe Oscailte ag 27/4/2024
- Lch 30: <https://lifeintheboomerlane.com/2012/03/31/hebbs-you-know-who-you-are/drwn1042-roman-wine-drinking/> Oscailte ag 27/4/2024
- <https://www.meisterdrucke.ie/fine-art-prints/J.-Williamson/1456442/The-Roman-Empire-.html> Oscailte ag 8/5/2024
- <https://religioromana.wordpress.com/lararium/> Oscailte ag 8/5/2024
- <https://pixels.com/featured/-a-roman-priest-wields-his-axe-mary-evans-picture-library.html> Oscailte ag 8/5/2024
- Lch 31: https://blogs.warwick.ac.uk/numismatics/entry/tessera_hospitalis_a/ Oscailte ag 8/5/2024
- Lch 32: <https://fineartamerica.com/featured/the-meeting-of-dido-and-aeneas-nathaniel-dance-holland.html> Oscailte ag 7/3/2024
- Lch 32: <https://fineartamerica.com/featured/the-feast-of-dido-and-aeneas-an-allegorical-portrait-of-the-family-of-the-duc-and-duchesse-du-maine-francois-de-troy.html> Oscailte ag 7/3/2024
- Lch 32: <https://www.meisterdrucke.ie/fine-art-prints/Baron-Pierre-Narcisse-Guerin/62071/Aeneas-telling-Dido-of-the-Disaster-at-Troy%2C-1815-.html> Oscailte ag 8/3/2024
- Lch 33: <https://craftfineart.com/strany/zoom.php?id=8383> Oscailte ag 8/3/2024
- Lch 33: <https://www.meisterdrucke.ie/fine-art-prints/Guido-Reni/587546/Aeneas-takes-leave-of-Dido%2C-c.1630-.html> Oscailte ag 8/3/2024
- Lch 34: <https://www.mediastorehouse.com.au/fine-art-storehouse/digital-vision-vectors/strangers-village-greek-mythology-18305739.html> Oscailte ag 27/4/2024
- Lch 37: <https://www.britannica.com/biography/Galen> Oscailte ag 8/3/2024
- Lch 39: <https://collections.louvre.fr/en/ark:/53355/cl010250724> Oscailte ag 23.11.23
- Lch 39: <https://jonathanokolica.weebly.com/greek-medicine.html> Oscailte ag 27/4/2024
- Lch 39: <https://ie.pinterest.com/pin/444589794450229220/> Oscailte ag 23.11.23
- Lch 39: <https://www.greece-is.com/of-gods-and-dreams-the-ancient-healing-sanctuary-of-epidaurus/> Oscailte ag 27/4/2024
- Lch 39: <https://www.greece-is.com/wp-content/uploads/2017/01/DGA-419113.jpg> Oscailte ag 27/4/2024
- Lch 40: <https://smarthistory.org/alexander-mosaic-from-the-house-of-the-faun-pompeii/> Oscailte ag 27/4/2024
- Lch 41: <https://www.worldhistory.org/uploads/images/14193.jpg?v=1708445527> Oscailte ag 27/4/2024
- Lch 45: https://blogs.acu.edu/1410_PSYC49301/2013/09/06/hippocrates-overcoming-the-fall/ Oscailte ag 24.11.23

Téacsanna:

- Lch 8: <https://www.coursehero.com/file/48035687/Summary-of-Orpheusdocx/> Oscailte ag 11.5.2024
- Lch 22: <https://www.poetryintranslation.com/PITBR/Greek/Iliad16.php> Oscailte ag 16/3/2024
- Lch 47: Maurice Balm and Gilbert Lawall. *Athenaze*. Volume 1. Teacher's Handbook. 1990. Oxford University Press. Page 70. (adapted)

Ná scríobh ar an leathanach seo

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraíthe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Comhleibhéal

Na Clasaicí

Dé hAoine 13 Meitheamh
Tráthnóna 1:30 - 3:30